A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí an Fhómhair ó Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile. Tá súil againn go raibh an leath-théarma scoile rathúil do gach aon duine agus go mbainfidh tú taitneamh as an sos meántéarma atá tuillte go maith agat!

Ár mbuíochas leat as clárú le cor poist a fháil go míosúil uainn agus déanfar gach iarracht anseo go mbeidh tú ar bord leis na huasdátuithe is déanaí i dtaobh cúrsaí teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge.

## Tionól Teagaisc 2025 - Clárúchán ar Oscailt anois

Is cúis áthais do Oide a fhógairt go bhfuil clárúchán ar oscailt anois don Tionól Teagaisc 2025 a bheidh ar siúl ar an 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Cláraigí gan mhoill ag https://tinyurl.com/tionolteagaisc2025

'Sé atá sa Tionól Teagaisc ná féile bhliantúil a chuireann Oide ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge T1 agus T2 ina ndéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus theagasc na Gaeilge.

Tá clár iontach spéisiúil ann i mbliana a shásóidh gach aon duine agus a chuirfidh go mór le do chleachtas amach anseo!

Beidh ceardlanna ann faoin FCÁT, An Cur Chuige Comhtháite, Scileanna Scríbhneoireachta agus an Fhoghlaim Ghníomhach, Drámaíocht mar chur chuige don Sealbhú Teanga mar aon le haoichainteoirí ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige. Cláraigh don Tionól Teagaisc, déan nóta den dáta i do dhialann. Tapaigh an deis a bheith ag foghlaim le múinteoirí Gaeilge agus scaip an scéal!



## Dátaí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 2025/26

Faigh na socruithe athbhreithnithe a d'fhoilsigh an CNCM le déanaí maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa scoilbhliain 2025/26 ag an nasc seo. Tá treoir anseo chomh maith ón CNCM i dtaobh na bhfuinneog ama amháin maidir le MRB1 do scoláirí sa dara bliain in 2025/2026. Cuirtear in iúl na socruithe athbhreithnithe do scoláirí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2025/26 don Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Ag idirghníomhú trí Ghaeilge.

## Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2025/2026

Tá eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) a bhunaítear ar Shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí faoi lán seoil ón 6ú lá de mhí Dheireadh Fómhair.

Is mór an phribhléid d'Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile a bheith ag tacú le múinteoirí Gaeilge na tíre sna EFGanna sin.









## Nuacht faoi Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí - Tráinse 4

Tá tuilleadh eolais faoi na forbairtí agus amlíne is déanaí a bhaineann le Gaeilge sa tSraith Shinsearach ar fáil ag an nasc seo. Tá comhairliúchán sé seachtaine ar siúl go dtí an 12 Samhain 2025, faoin gcáipéis eolais agus treoir don Athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta.



# Sraith 'Bláthú Teanga í a Léamh'

**Tacaíocht maidir le hÁbhar Dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027**

Is mór againn a fhógairt go mbeidh sraith de EFGnna, Bláthú Teanga í a Léamh 3 agus 4, le leanúint ar aghaidh ar líne i ndiaidh an mhéantéarma 2025. Tabharfar spléachadh ar an dán *Glaoch Abhaile* le hÁine Ní Ghlinn agus ar an scéal béaloidis *Clann Lir* sa dhá shraith seo. Díreófar ar dhea-chleachtais agus oideolaíochtaí sna EFGanna seo.

## Leabhrán *Beatha Teanga* ag Gaeloideachas

**D'fhoilsigh Gaeloideachas ábhar spéise le déanaí chun an teanga labhartha a chur chun cinn ar shlite spraíúla i measc pobal na scoile uile. Tá nasc chuig an acmhainn anseo.**

Is acmhainn thacaíochta í *Beatha Teanga* ina n-aithnítear go bhfuil ról ag gach grúpa i bpobal na scoile chun an Ghaeilge a chothú mar an teanga chumarsáide agus spraoi lasmuigh den suíomh ranga. Tá trí réimse in *Beatha Teanga* (1) An Bhunacmhainn - An Leabhar (2) Suíomh idirlín – beathateanga.ie (3) Ceardlanna do mhúinteoirí. Tá caibidil sa leabhar "Coiste Gaeilge na Scoláirí" (lth 20) a chuidíonn leis an bpróiseas chun coiste Gaeilge do scoláirí a bhunú.

Beidh imeachtaí bunaithe ar Bheatha Teanga á n-eagrú ag Tionól Forbartha Gaeloideachas 2025 ar an 21 Samhain in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh. Tá gach eolas ar fáil trí ríomhphost a sheoladh chuig: peigi@gaeloideachas.ie / tonai@gaeloideachas.ie.



# Ciorclán 0071/2025
# Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028

Is ionann liosta na n-ábhar atá leagtha síos i gceangal leis seo agus na hábhair atá leagtha síos i gciorclán 0070/2024 do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027.

Tá tuilleadh soiléireachta curtha ar fáil maidir leis an gcúrsa roghnach. Beidh feidhm leis an liosta seo anois freisin do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2028. Tá nasc don chiorclán ar fáil anseo.


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Ciorclán: 0071/2025

**Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).**

**Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028**

Is mian leis an Roinn Oideachais a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal go leagtar amach sa chiorclán seo an t-ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus mí an Mheithimh 2028.

Is ionann liosta na n-ábhar atá leagtha síos i gceangal leis seo agus na hábhair atá leagtha síos i gciorclán 0070/2024 do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Tá tuilleadh soiléireachta curtha ar fáil maidir leis an gcúrsa roghnach. Beidh feidhm ag an liosta seo anois freisin do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2028.

Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna aird na múinteoirí Gaeilge uile a dhíriú ar an gciorclán seo.

Meabhraíonn an Roinn do scoileanna gur cheart aon úsáid a bhaintear as na téacsanna seo san Idirbhliain a bheith i gcomhréir le *Ráiteas Chlár na hIdirbhliana* (2024) .

Iarrann an Roinn ar údaráis scoileanna fógra leordhóthanach a thabhairt do scoláirí faoi na téacsanna seo roimh thús na scoilbhliana ábhartha.

Féadfar rochtain a fháil ar an gciorclán seo ar www.gov.ie.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.
*Labhair í agus mairfidh sí.*